



**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0321 (NLE)**

**ENER 527
ENV 1016
RELEX 1294
COWEB 118
COEST 749**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 636 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 636 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 636 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2025
COM(2025) 636 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais.

IARSCRÍBHINN II

CINNEADH Uimh. 20xx/XX//MC-EnC

Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

an xx xx 202x

maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a leasú agus maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine

CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

Ag féachaint do Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 25, 79 agus 100, pointe (i), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach in Airteagal 2 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh ('an Conradh') feabhas a chur ar an staid chomhshaoil i ndáil Fuinneamh Eangach-Cheangailte agus éifeachtúlacht fuinnimh ghaolmhar sna Páirtithe Conarthacha mar cheann dá phríomhchuspóirí.
- (2) Le hAirteagal 12 de Conradh an Chomhphobail Fuinnimh, ceanglaítear ar gach Páirtí Conarthach an '*acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaoil a chur chun feidhme i gcomhréir leis an amchlár le haghaidh chur chun feidhme na mbeart sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh.
- (3) In Airteagal 16 den Chonradh, liostaítear an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaoil a chumhdaítear leis an gConradh.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 25 den Chonradh go bhféadfaidh an Comhphobal Fuinnimh bearta a dhéanamh chun leasuithe ar an *acquis communautaire* a leagtar amach i dTeideal II a chur chun feidhme, i gcomhréir le héabhlóid dhlí an Aontais Eorpaigh.
- (5) Le hAirteagal 79 den Chonradh foráiltear go ndéanfaidh an Chomhairle Aireachta, an Buanghrúpa Ardleibhéil nó an Bord Rialála Bearta faoi Theideal II ar thogra ón gCoimisiún Eorpach. De bhun Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, déanfar na bearta sin le tromlach na vótaí a chaitear, agus vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach.
- (6) Sonraítear in Airteagal 100, pointe (i), den Chonradh go bhféadfaidh an Chomhairle Aireachta, d'aon toil a Comhaltaí, forálacha Theidil I go VII den Chonradh a leasú.
- (7) Is gá aistriú fuinnimh cóir a áirithiú lena ráthaítear comhthairbhí don bhithéagsúlacht, agus lena seachnaítear meathlú ar stádas caomhantais cineálacha gnáthóige nádúrtha agus gnáthóga speiceas i láithreáin a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo nó i limistéir faoi chosaint náisiúnta ina bhfuil cineálacha gnáthóige nádúrtha agus speicis arb éard atá iontu speicis ar leas an Chomhphobail.
- (8) Ní mór pleananna agus tionscadail Fuinnimh Eangach-Cheangailte, i gcomhthéacs an Chonartha, a dhearadh chun aon tionchar diúltach ar an mbithéagsúlacht a mhaolú nó, i gcás inar gá, a theorannú a mhéid is féidir.

- (9) Sainítear in Airteagal 1 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine na príomhthearmaí atá ábhartha maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme na Treorach sin.
- (10) Luaitear in Airteagal 2 de Threoir 92/43/CEE gurb é is aidhm don Treoir rannchuidiú leis an mbithéagsúlacht a áirithiú trí chaomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine.
- (11) Le hAirteagal 6(2), (3), agus (4) de Threoir 92/43/CEE, leagtar síos creat le haghaidh caomhnú agus cosaint láithreánbhunaithe trí cheanglais choiscitheacha agus nós imeachta chun rannchuidiú le gnáthóga nádúrtha agus gnáthóga speiceas fána agus flóra fiáine ar leas an Chomhphobail a chothabháil nó a athbhunú, ar stádas caomhantais fabhrach.
- (12) Féadfaidh baint a bheith ag pleananna agus tionscadail de réir bhrí Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE sin freisin le Fuinneamh Eangach-Cheangailte, agus d'fhéadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu ar shláine láithreáin a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo agus ar limistéir faoi chosaint náisiúnta ina bhfuil cineálacha gnáthóige nádúrtha agus speicis arb éard atá iontu speicis ar leas an Chomhphobail. Beidh sé riachtanach bearta cúiteacha a dhéanamh i gcás nach mór na pleananna nó na tionscadail Fuinnimh Eangach-Cheangailte sin a chur i gcrích ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí.
- (13) Tá feidhm ag Airteagal 6(2), (3) agus (4) de Threoir 92/43/CEE freisin maidir le limistéir faoi chosaint speisialta arna mbunú le haghaidh na speiceas éan a luaitear in Airteagal 4(2) agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/147/CE maidir le héin fhiáine a chaomhnú trí Airteagal 7 de Threoir 92/43/CEE. Is gá, dá bhrí sin, go mbeadh láithreáin a chosnaíonn na speicis éan sin i gcríoch na bPáirtithe Conarthacha faoi réir cheanglais Airteagal 6(2), (3) agus (4) san *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol freisin.
- (14) Le hAirteagal 12, Airteagal 13 agus Airteagal 16 de Threoir 92/43/CEE, leagtar síos creat chun speicis arb éard atá iontu speicis ar leas an Chomhphobail a chosaint go docht ar fud a raoin nádúrtha iomláin, laistigh de limistéir faoi chosaint agus lasmuigh díobh araon. Is gá na toirmisc a liostaítear in Airteagal 12 agus Airteagal 13 den Treoir sin a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí Fuinnimh Eangach-Cheangailte mar gheall ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar speicis atá ar leas an Chomhphobail. D'fhéadfadh sé gur gá maolú ar na toirmisc sin in imthosca teoranta ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir is gá.
- (15) Is iad Treoir 92/43/CEE, mar aon le Treoir 2009/147/CE, na príomhuirlisí dlí i ndlí an Aontais maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a eascraíonn faoi Choinbhinsiún Bheirn maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa ('Coinbhinsiún Bheirn'). Tá Limistéir Leasa Caomhantais Speisialta an Líonra Smaragaide le bunú i ngach ceann de na Páirtithe Conarthacha agus de na Stáit Bhreathnóireachta i gCoinbhinsiún Bheirn, mar uirlis chun spriocanna foriomlána an Choinbhinsiúin a bhaint amach. Tá gach Páirtí Conarthach sa Chonradh ina Pháirtí i gCoinbhinsiún Ramsar freisin, cé is moite den Chosaiv¹. I ngach Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún Bheirn, ainmnítear Limistéir Leasa Caomhantais Speisialta an Líonra Smaragaide, agus Limistéir Leasa Caomhantais Speisialta an Líonra Smaragaide is

¹ Tá an t- ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus le tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

Iarrthóirí. Tá an Líonra Smaragaide fós á fhorbairt, ós rud é go bhfuil bearnaí fós ann sular féidir a mheas go bhfuil sé iomlán agus leordhóthanach chun tacú le cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach.

- (16) Tá limistéir atá faoi chosaint dlí tríd an dlí náisiúnta dírithe ar chaomhnú fadtéarmach cineálacha gnáthóige agus speiceas a bhfuil seirbhísí éiceachórais agus luachanna cultúrtha gaolmhara acu a bhaint amach. Tá na limistéir sin i ngach Páirtí Conarthach sa Chonradh.
- (17) Is bogaigh iad láithreáin Ramsar a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo agus atá ainmnithe faoi Choinbhinsiún Ramsar maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo, go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce ('Coinbhinsiún Ramsar'), Comhaontú idir-rialtasach arb é is aidhm dó stop a chur le cailliúint bogach ar fud an domhain. Tá gach Páirtí Conarthach sa Chonradh ina Pháirtí i gCoinbhinsiún Ramsar freisin, agus tá láithreáin Ramsar ainmnithe acu, cé is moite den Chosaiv.
- (18) Baineann an Conradh le pleananna agus tionscadail atá ábhartha do chur chun feidhme Threoir 92/43/CEE agus dá n-áireofaí í san *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol, d'áiritheofaí go gcuirfí caomhnú an dúlra san áireamh agus pleananna agus tionscadail Líonra Fuinnimh-Cheangailte á gceapadh agus á gcur chun feidhme.
- (19) Níor ionchorpraíodh Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 6(2), (3) agus (4), Airteagal 12, Airteagal 13, Airteagal 16 agus Iarscríbhinní I, II agus IV de Threoir 92/43/CEE go fóill san *acquis communautaire* maidir le comhshaol an Chomhphobail Fuinnimh.
- (20) Ceanglaítear le hAirteagal 94 den Chonradh ar institiúidí aon téarma nó coincheap eile a úsáidtear sa Chonradh agus a dhíorthaítear ó dhlí an Aontais a léirmhíniú i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- (21) Cuirtear i láthair i ndoiciméid treorach tuiscint an Choimisiúin ar fhorálacha Threoir 92/43/CEE, agus d'fhéadfadh treoir a bheith iontu maidir lena gcur i bhfeidhm, i bhfianaise dhlí-eolaíocht ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus an taithí a eascraíonn as an gcur chun feidhme i mBallstáit an Aontais á cur san áireamh².
- (22) Ba cheart an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol a leagtar amach in Airteagal 16 agus an t-amchlár le haghaidh cur chun feidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II den Chonradh a ailíniú le dlí an Aontais maidir le caomhnú an dúlra a mhéid a bhaineann sé le Fuinneamh Eangach-Cheangailte.
- (23) Ag na cruinnithe a bhí ag an Tascfhórsa Comhshaoil an xxx agus an xxx, rinne sé anailís mhionsonraithe ar an togra agus mhol sé go nglacfaí é le roinnt oiriúnuithe a léirítear sa Chinneadh seo. Chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach na hoiriúnuithe.
- (24) Ag na cruinnithe a bhí ag an mBuanghrúpa Ardleibhéil an xxx agus xxx, d'fhorbair sé an Cinneadh seo agus mhol sé é a ghlacadh,

² 'Managing Natura 2000 sites — The provisions of Article 6 of the Habitats Directive 92/43/EEC' [Láithreáin Natura 2000 a bhainistiú — Forálacha Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga] (C/2018/7621); Commission notice Guidance document on the strict protection of animal species of Community interest under the Habitats Directive [Fógra ón gCoimisiún Treordhoiciméad maidir le dianchosaint speiceas ainmhithe ar leas an Chomhphobail iad faoin Treoir maidir le Gnáthóga] (C/2021/7201 final); 'Commission Guidance on the provisions of Article 6 of the Habitats Directive' [Treoir ón gCoimisiún maidir le forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga]; agus 'Fógra ón gCoimisiún Measúnú ar phleananna agus ar thionscadail i ndáil le láithreáin Natura 2000 — Treoraíocht mhodheolaíoch maidir le forálacha Airteagal 6(3) agus (4) de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga' (C/2021/6913).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Conradh an Chomhphobail Fuinnimh mar a leanas:

(1) in Airteagal 16, cuirtear an pointe [XX] seo a leanas isteach:

‘(XX) Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 6(2), (3) agus (4), Airteagal 12, Airteagal 13, Airteagal 16 agus Iarscríbhinní I, II agus IV de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine’;

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an pointe [XX] seo a leanas isteach:

‘[XX]. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 6(2), (3) agus (4), Airteagal 12, Airteagal 13, agus Airteagal 16 agus Iarscríbhinní I, II agus IV de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chur chun feidhme faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile.

Airteagal 2

1. Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear Airteagal 1 de Threoir 92/43/CEE mar Airteagal atá scríofa sa Treoir sin.

2. Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear Airteagal 2 de Threoir 92/43/CE mar a leanas:

‘1. Is é an aidhm a bheidh leis an Treoir seo rannchuidiú le bithéagsúlacht a áirithiú trí ghnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú i gcríoch Eorpach na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil feidhm ag an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh maidir leo.

2. Na bearta a dhéanfar de bhun na Treorach seo, ceapfar iad chun gnáthóga nádúrtha agus speicis fána agus flóra fiáine ar leas an Chomhphobail a chothabháil agus a athchóiriú, ar stádas caomhantais fabhrach.

3. Na bearta a dhéanfar de bhun na Treorach seo, cuirfidh siad riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha san áireamh chomh maith le gnéithe réigiúnacha agus áitiúla.’

3. Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear Airteagal 6(2), (3) agus (4) de Threoir 92/43/CEE mar a leanas:

‘2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha bearta iomchuí chun go seachnófar, i Limistéir Leasa Caomhantais Speisialta an Líonra Smaragaide, i Limistéir Leasa Caomhantais Speisialta an Líonra Smaragaide is Iarrthóirí, i Láithreáin Ramsar, i limistéir faoi chosaint náisiúnta ina bhfuil cineálacha gnáthóige nádúrtha agus speicis a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 92/43/CEE faoi seach, agus i limistéir faoi chosaint náisiúnta ina bhfuil speicis éan dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2009/147/CE agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, meath gnáthóg nádúrtha agus gnáthóg speiceas chomh maith le cur isteach ar na speicis ar ainmníodh na limistéir ina leith, a mhéid a mbeadh tábhacht ag baint leis i bhfianaise chuspóirí na Treorach seo.

3. Aon phlean Fuinnimh Eangach-Cheangailte nó tionscadal ar cosúil go ndéanfaidh sé difear mór do na láithreáin dá dtagraítear i mír 2, ar bhonn aonair nó i dteannta pleananna nó tionscadail eile, beidh sé faoi réir measúnú iomchuí ar a iarmhairtí le haghaidh an láithreáin i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin. I bhfianaise chonclúidí mheasúnú na n-iarmhairtí le haghaidh an láithreáin agus faoi réir fhorálacha mhír 4, tiocfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla ar chomhaontú maidir leis an bplean nó tionscadal Fuinnimh Eangach-Cheangailte tar éis dóibh a fháil amach nach n-imreoidh sé drochthionchar ar shláine an láithreáin lena mbaineann agus, más iomchuí, tar éis dóibh tuairim a fháil ón bpobal ina leith.

4. Más rud é, d’ainneoin measúnú diúltach ar na himpleachtaí don láithreán, agus in éagmais aon réitigh eile, nach mór plean nó tionscadal Fuinnimh Eangach-Cheangailte a chur i gcrích ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí, lena n-áirítear cúiseanna de chineál sóisialta nó eacnamaíoch, déanfaidh an Páirtí Conarthach gach beart cúiteach is gá chun a áirithiú go gcosnófar comhleanúnachas foriomlán a líonra suíomhanna dá dtagraítear faoi mhír 2. Cuirfidh sé Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh (‘an Rúnaíocht’) ar an eolas faoi na bearta cúiteacha a glacadh.

I gcás ina mbeidh cineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta agus/nó speiceas tosaíochta sa láithreán lena mbaineann, is é an t-aon chineál ceiste is féidir a tharraingt anuas ceisteanna a bhaineann le sláinte an duine nó leis an tsábháilteacht phoiblí, le hiarmhairtí sochraha atá sárthábhachtach don chomhshaol, nó, ar bhonn tuairim ón gCoimisiún, le mórchúiseanna eile a bhaineann le leas sáraitheach poiblí.

4. Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear Airteagal 12 de Threoir 92/43/CE mar a leanas:

‘1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na bearta is gá chun córas a bhunú a thabharfaidh dianchosaint do na speicis ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV (a) ina raon nádúrtha, lena gcuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) gach gníomhaíocht a bhaineann le heiseamail na speiceas sin san fhiántas a ghabháil nó a mharú agus sin a dhéanamh d’aon ghnó;

(b) aon chur isteach ar na speicis seo a dhéantar d’aon ghnó, go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin, tógála, geimhriúcháin agus imirce;

(c) aon scriosadh nó glacadh uibheacha ón bhfiadhúlra a dhéantar d’aon ghnó;

(d) meath nó scriosadh láithreáin pórúcháin nó áiteanna sosa.’

2. Maidir leis na speicis sin, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha toirmeasc ar eiseamail a ghlactar ón bhfiadhúlra a choinneáil, a iompar agus a dhíol nó a mhalartú, a chur ar díol nó a chur a mhalartú, seachas iad sin a ghlactar go dlíthiúil sula gcuirfear an Treoir seo chun feidhme.

3. Beidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), agus i mír 2 maidir le gach céim de shaolré na n-ainmhithe a bhfuil feidhm ag an Airteagal seo maidir leo.

4. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha córas a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghabháil theagmhasach agus marú teagmhasach na speiceas ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV, pointe (a). I bhfianaise na faisnéise a tiomsaíodh, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha taighde breise nó bearta breise caomhantais is gá chun a áirithiú nach mbeidh tionchar mór diúltach ag gabháil theagmhasach agus ag marú teagmhasach ar an speiceas lena mbaineann.'

5. Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear Airteagal 13 de Threoir 92/43/CE mar a leanas:

'1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na bearta is gá chun córas a bhunú a thabharfaidh dianchosaint do na speicis plandaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, pointe (b), lena gcuirfear toirmeasc orthu seo a leanas:

(a) piocadh, cruinniú, gearradh, stoitheadh nó scriosadh plandaí den sórt sin a dhéantar d'aon ghnó ina raon nádúrtha san fhiántas;

(b) eiseamail speiceas den sórt sin a bhaintear san fhiántas a choinneáil, a iompar agus a dhíol nó a mhalartú, a chur ar díol nó a chur a mhalartú, seachas iad sin a bhaintear go dlíthiúil sula gcuirfear an Treoir seo chun feidhme.

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b) maidir le gach céim de thimthriall bitheolaíoch na bplandaí a bhfuil feidhm ag an Airteagal seo maidir leo.'

6. Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear Airteagal 16 de Threoir 92/43/CE mar a leanas:

'1. Ar choinníoll nach bhfuil aon chur chuige malartach ann agus nach ndéanann an maolú aon dochar do chothabháil dhaonraí na speiceas lena mbaineann ar stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha, féadfaidh na Ballstáit maolú ó fhorálacha Airteagail 12, 13, 14 agus Airteagal 13 (a) agus (b):

(a) ar mhaithe le fána agus flóra fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú;

(b) chun damáiste tromchúiseach a sheachaint, go háirithe ar bharraí, ar bheostoc, ar fhoraoisí, ar iascaigh agus ar uisce agus ar chineálacha eile réadmhaoine;

(c) ar mhaithe leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht phoiblí, nó le cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí, lena n-áirítear

mórchúiseanna ar de chineál sóisialta nó eacnamaíoch iad agus iarmhairtí sochracha atá sárthábhachtach don chomhshaol;

(d) chun críche taighde agus oideachais, athdhaonrú agus athbhunú na speiceas sin agus le haghaidh na n-oibríochtaí pórucháin is gá chun na gcríoch sin, lena n-áirítear iomadú plandaí saorga;

(e) glacadh nó coinneáil eiseamail áirithe de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn IV a cheadú, faoi choinníollacha a ndéantar dianmhaoirseacht orthu, ar bhonn roghnach agus ar mhéid teoranta, i líonta teoranta arna shainiú ag údaráis náisiúnta inniúla.

2. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha tuarascáil ar aghaidh chuig an Rúnaíocht gach dhá bhliain i gcomhréir leis an bhformáid arna bunú ag an gCoiste um chaomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (an Coiste um Ghnáthóga) maidir leis na maoluithe a chuirtear i bhfeidhm faoi mhír 1. Tabharfaidh an Rúnaíocht a tuairim maidir leis na maoluithe sin faoi cheann achar ama nach faide ná 12 mhí tar éis di an tuarascáil a fháil agus tabharfaidh sí cuntas don Tascfhórsa Comhshaoil. Áiritheoidh an Rúnaíocht go gcuirfear na tuarascálacha ar fáil don phobal.

3. Déanfar an méid seo a leanas a shainiú sna tuarascálacha:

(a) Na speicis atá faoi réir maoluithe agus an fáth leis an maolú, lena n-áirítear an cineál riosca faoi chaibidil, mar aon le tagairt do roghanna malartacha dar diúltaíodh agus na sonraí eolaíocha a úsáideadh, más iomchuí;

(b) na bealaí, na feistí agus na modhanna a údaraíodh le haghaidh speicis ainmhithe a ghabháil agus a mharú agus na fáthanna lena n-úsáid;

(c) na cúinsí ina léirítear cén uair agus cén áit a dheonaítear na maoluithe sin;

(d) an t-údarás dá dtugtar de chumhacht a fhógairt agus a sheiceáil go bhfuil na coinníollacha is gá ann agus a chinneann cé na bealaí, na feistí agus na modhanna a fhéadfar a úsáid, cad iad na teorannacha ar laistigh díobh a úsáidtear iad agus cad iad na gníomhaireachtaí a úsáideann iad, agus na daoine atá leis an gcúram sin a chur i gcrích;

(e) na bearta maoirseachta a úsáidtear agus na torthaí a fhaightear.’

Airteagal 3

1. Na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 6(2), (3) agus (4), Airteagal 12, Airteagal 13, Airteagal 16 agus Iarscríbhinní I, II, agus IV de Threoir 92/43/CEE a chomhlíonadh, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile. Cuirfidh siad Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh (‘an Rúnaíocht’) ar an eolas láithreach faoi sin.

2. Nuair a ghlacfaidh na Páirtithe Conarthacha na bearta dá dtagraítear i mír 1, beidh tagairtí iontu don Treoir seo nó do Threoir 92/43/CEE, nó beidh tagairtí den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Páirtithe Conarthacha síos na bealaí chun tagairtí den sórt sin a dhéanamh.

3. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an gCinneadh seo agus le Treoir 92/43/CEE a chur in iúl don Rúnaíocht.

Airteagal 4

I gcás pleananna nó tionscadail Fuinnimh Eangach-Cheangailte as a n-eascraíonn tuairim faoi Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE, trí thagairt don Chinneadh seo, déanfaidh an Páirtí Conarthach a bhfuil sé beartaithe an plan nó an tionscadal a chur i gcrích ina chríoch an méid seo a leanas, *inter alia*, a sheoladh chuig an Rúnaíocht a luaithe is féidir:

(a) tuairisc ar an bplan nó ar an tionscadal;

(b) aon fhaisnéis ábhartha maidir lena thionchair ar an gcineál gnáthóige tosaíochta/na cineálacha gnáthóige tosaíochta agus/nó na speicis tosaíochta dá ndéantar difear, lena n-áirítear torthaí agus conclúidí an mheasúnaithe iomchuí.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm nuair a ghlacfaidh an Chomhairle Aireachta é.

Airteagal 6

Is chuig Páirtithe Conarthacha Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in [xxx], an [DÁTA]

*Thar ceann na Comhairle Aireachta
(Uachtarán)*